POST

anpostschoolbag.ie

Stair na hÉireann trína réada

STAIR AGUS GAEILGE

Réamhrá

Tá an ghníomhaíocht tuisceana agus scríbhneoireachta seo bunaithe ar an naoú sraith chríochnúil stampaí de chuid *An Post – Stair na hÉireann trína réada*. Úsáidfidh na scoláirí grianghraif agus sliocht mar bhunús chun scríobh faoi mholadh le haghaidh stampa a bheadh go maith in 2067 dar leo chun an saol in Éirinn in 2017 a léiriú.

Gníomhaíocht - Léamhthuiscint

Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Stampaí Críochnúla 2017

Stair na hÉireann trína réada: an Naoú Sraith Chríochnúil Stampaí de chuid An Post – Céim 1

An 12 Eanáir 2017, thug An Post an naoú sraith chríochnúil stampaí isteach – Stair na hÉireann trína réada. Tá an tsraith bunaithe ar leabhar Fintan O'Toole, A History of Ireland in 100 Objects, tionscadal a raibh The Irish Times, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Acadamh Ríoga na hÉireann bainteach leis ar dtús. Léirítear na stampaí mar ghrianghraif, agus tugtar léargas ar am tábhachtach i stair na hÉireann le gach réad.

Eisíodh ocht stampa sa chéad chéim den tsraith chríochnúil seo.

Grúpa 1

Gaiste Éisc Méisiliteach
As Baile Uí Chlúmháin i gContae na Mí é seo, a rinneadh as maidí a fhí ina chéile thart ar an mbliain 5000 RCh. D'úsáideadh daoine ón gcéad ré a raibh daoine in Éirinn é chun iasc a bhaint as lochanna nó coraí.

Ceann Tua Deasghnách
Is ó 3600 RCh. é an Ceann Tua Deasghnách seo ó Chionn Chreige i gContae Dhún na nGall. Iompórtáladh i bhfad ó bhaile é ó na hAlpa san Iodáil.

Babhla Neoiliteach
Ceaptar go mb'fhéidir go n-úsáidtí an Babhla Neoiliteach (thart ar 3500 RCh.), ar a bhfuil dromchlaí sciomartha, chun deochanna a ól. Fuarthas an babhla in adhlacadh san Eanach i gContae Luimnigh.

Taisce Óir Chagála Beag
Seans gur chuid d'éide speisialta a bhí i dTaisce Óir Chagála Beag ó Chontae Ros Comáin, ina bhfuil luanla ón gCré-Umhaois Luath – muince a bhfuil cruth na gealaí uirthi – agus dhá dhiosca óir, a léiríonn an ghrian.

POST

anpostschoolbag.ie

Stair na hÉireann trína réada

STAIR AGUS GAEILGE

Stampaí Críochnúla 2017 ar lean

Grúpa 2

Ceann Máis Breochloiche
Fuarthas an Ceann Máis Breochloiche sa seomra thoir faoin tuama pasáiste mór i gCnóbha i gContae na Mí i nGleann na Bóinne, agus tá sé ar cheann de na saothair is breátha atá againn ón Eoraip Neoiliteach.

Síothail Adhlactha Cré-Umhaoise
Rinneadh na Síothla Adhlactha Cré-Umhaoise (1900–1300 RCh.) le hadhlacadh leis na mairbh.

Bád Bhrú Íochtair
Is macasamhail bheag óir í Bád Bhrú Íochtair álainn de bhád seoil ina bhfuil binsí agus maidí rámha. Fuarthas i mBrú Íochtair i gContae Dhoire í agus tagann sí ó thart ar 100 RCh. Ba chuid de thaisce óir a fuarthas ar bhruacha Loch Feabhail í, agus seans gur ofráil a bhí ann do dhia na mara, Mannanán Mac Lir.

Toirc na Teamhrach
Rinneadh Toirc na Teamhrach (thart ar 1200 RCh.) as barraí fada d'ór casta. Fuarthas iad gar do Ráth na Seanadh ar Theamhair i gContae na Mí.

Má tá tuilleadh eolais uait, úsáid fón póca cliste ar a bhfuil an Cee App chun na stampaí a scanadh nó téigh go **www. 100objects.ie**

Dhear Zinc Design Consultants na stampaí agus clúdach an chéad lae.

POST anpostschoolbag.ie

Stair na hÉireann trína réada

STAIR AGUS GAEILGE

Ceisteanna

1. Déan liosta de na réada agus den ábhar as a ndearnadh iad dar leat. (Tá an freagra le haghaidh roinnt de na réada sa sliocht thuas, ach beidh ort a bheith i do bhleachtaire staire chun na réada eile a oibriú amach.)
2. Cruthaigh amlíne shimplí ar a bhfuil na stampaí ar fad de réir na tréimhse staire lena mbaineann siad, ag tosú leis an réad is sine ar dtús. Deirtear go bhfuil dromchlaí sciomartha ar an mbabhla Neoiliteach. Céard atá i gceist le 'dromchlaí sciomartha'?
3. Cá bhfuarthas Taisce Óir Chagála Beag? Meas tú cén chaoi a ndearnadh na réada? Cuimhnigh ar na huirlisí a úsáideadh seans.
4. Meas tú cén cuspóir a bhí leis an muince a bhfuil cruth na gealaí uirthi agus an dá dhiosca i dTaisce Óir Chagála Beag?
5. Cén tuama pasáiste cáiliúil Éireannach ina bhfuarthas an Ceann Máis Breochloiche?
6. Céard is tuama pasáiste ann?
7. Scríobh faoi Bhád Bhrú Íochtair i d'fhocail féin.
8. Cén réad staire is spéisiúla dar leat? Cén fáth?
9. Cuimhnigh ar réad ón lá atá inniu ann a mholfá le haghaidh stampa in 2067 mar go léireodh sé an saol in Éirinn in 2017.

Gníomhaíochtaí breise molta

- **Plé ranga**
  Pléigh cén t-eolas agus struchtúr a theastaíonn chun smaoineamh le haghaidh réada a úsáidtear in 2017 a mholadh le haghaidh stampa m.sh. cur síos ar an réad, a fheidhm, an áit a mbíonn sé, an chúis a bhfuil sé suntasach. Ba cheart don mhúinteoir na pointí sin a thaifead ar an gclár.
- **Scríobh**
  Ansin scríobhadh na scoláirí cur i láthair ag moladh a réada. Má tá smaointe agus eolas uait faoin gcaoi a roghnaítear íomhánna agus téamaí le haghaidh stampaí na hÉireann breathnaigh ar **www.anpost.ie/anpost/irishstamps/collectors+corner/stamp+programme**
- **Déan** cur i láthair ó bhéal chun moladh a dhéanamh faoi réad a bheadh go maith ar stampa in 2067 agus a léireodh an saol in Éirinn in 2017.
- **Scríobh** cur i láthair i mBéarla nó i nuatheanga iasachta faoi réad a bheadh go maith ar stampa in 2067 agus a léireodh an saol in Éirinn in 2017.
- **Eagraigh** turas go dtí Ionad Cuairteoirí Ard-Oifig an Phoist: Finné na Staire **www.gpowitnesshistory.ie/visit/ Réitigh** ceisteanna don chuairt.
- **Cuir isteach ar** Chomórtas Lámhscríbhneoireachta An Post. Úsáid an ghníomhaíocht scríbhneoireachta thuas nó iarr ar do scoláirí a saothar féin a chumadh faoi réad a bheadh go maith ar stampa in 2067 agus a léireodh an saol in Éirinn in 2017. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar **www.anpostschoolbag.ie/competition**

anpostschoolbag.ie

Stair na hÉireann trína réada

STAIR AGUS GAEILGE

Naisc leis an gCuraclam

Stair

- Tuiscint an scoláire ar imeachtaí an duine san am atá thart a fhorbairt
- Tuiscint an scoláire ar choincheapa na staire a fhorbairt
- A chur ar chumas an scoláire tuiscint a fháil ar shaol na linne seo trí staidéar a dhéanamh ar an am atá thart
- A chur ar chumas an scoláire téarmaí staire a úsáid
- Tuiscint an scoláire ar chineál na bhfoinsí staire agus an leas is féidir a bhaint astu a fhorbairt
- A chur ar chumas an scoláire faisnéis a bhaint as ábhair foinse chun ceisteanna staire a fhreagairt

Gaeilge - Scríbhneoireacht

- Cumas an scoláire téacsanna a léamh le líofacht, tuiscint agus inniúlacht a fhorbairt, grúpaí focal/frásaí a dhíchódú seachas focail aonair amháin
- Cumas an scoláire a fhorbairt chun réimse leathan straitéisí léamhthuisceana a úsáid atá oiriúnach do théacsanna: chun eolas a aimsiú; nasc a dhéanamh le heolas a bhí aige cheana, próiseas nó argóint a leanúint, achoimre a dhéanamh, príomhsmaointe a nascadh; monatóireacht a dhéanamh ar a thuiscint féin; ceisteanna a chur, anailís a dhéanamh, sintéisiú agus measúnú a dhéanamh
- A chur ar chumas an scoláire braistint don lucht léitheoireacht agus cuspóir a fhorbairt trí na deiseanna a bhíonn aige cur i láthair a dhéanamh do dhaoine eile
- A chur ar chumas an scoláire foghlaim le cumarsáid a dhéanamh trí scríobh i réimse foirmeacha agus ar mhórán cuspóirí
- A chur ar chumas an scoláire a léiriú go dtuigeann sé go bhfuil cuspóir soiléir le gach gníomhaíocht scríbhneoireachta agus a bheith in ann saothar a phleanáil, a dhréachtú agus a athdhréachtú, agus a chuid scríbhneoireachta féin a chur in eagar de réir mar is cuí
- Scríobh go cumasach i réimse foirmeacha téacsanna, agus leas á bhaint as an tuin agus foclóir cuí agus as éagsúlacht stíleanna chun cuspóir roghnaithe a bhaint amach do luchtanna léitheoireachta difriúla
- Scileanna eagarthóireachta a úsáid go leanúnach le linn an phróisis scríbhneoireachta chun cur leis an mbrí agus leis an tionchar